

Riachtanais le hAghaidh Úsáid TFC

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna in Úsáid TFC a fhorbairt.

Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht agus ar iompar inghlactha ar líne a fhorbairt.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Fiosrú

- faisnéis ó fhoinsí sábháilte iontaoifa a rochtain, a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighde;
- idirghníomhú le huirliisí digiteacha le fiosrú agus le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.

Cur in iúl

- smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu; agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú.

Malartú

- cumarsáid a dhéanamh go sábháilte agus go freagrach agus réimse de mhodhanna agus d’uirliisí digiteacha comhaimseartha in úsáid acu agus iad ag malartú, ag roinnt ag comhoibriú agus ag forbairt smaointe go digiteach.

Luacháil

- labhairt faoina gcuid oibre, í a athbhreithniú agus a fheabhsú, agus iad ag machnamh ar an phróiseas agus ar an toradh, agus ag smaoineamh ar na foinsí agus ar na háiseanna a úsáideadh, sábháilteacht, iontaofacht agus inghlacthacht san áireamh.

Taispeáint

- a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú agus a chur i láthair agus a gcuid foghlama trasna an churaclaim a thaispeáint, agus TFC á húsáid go sábháilte agus go freagrach.

Scileanna Réamhriachtanacha in **Úsáid TFC** trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir. Is féidir le cumarsáid a bheith briathartha nó neamhbhriathartha.

S1 Taithí (dul i dtaithí ar/i dteagmháil le)	S2 Freagairt (tabhairt faoi deara, freagairt, idirghníomhú anois is arís)
I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/shúgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh na daltaí:	I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:
<ul style="list-style-type: none">taithí a fháil ar spreagthaigh chéadfacha;taithí a fháil ar ghléas digiteach; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">taithí a fháil ar cheol agus ar fhuaimeanna á seinm ar sheinnteoir dlúthdhioscaí, seinnteoir ceoil nó ar líne;taithí a fháil ar fheadán boilgeog/soilse snáthoptaice;taithí a fháil ar ghearrthóga gairide físe de ghníomhaíochtaí scoile/ranga á seinm ar theilifís/scáileán/ ar ceamara nó gléas digiteach;taithí a fháil ar amharc orthu féin trí cheamara gréasáin/teicneolaíocht tadhaill a úsáid;taithí a fháil ar mhaisíochtaí físe ó cheol á sheinm ar chláir bhogearraí idirghníomhacha.taithí a fháil ar mhaisíochtaí físe/éisteachta ar aipeanna móibíleacha;	<ul style="list-style-type: none">freagairt anois is arís do spreagthaigh chéadfacha;freagairt anois is arís do ghléas digiteach; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">tosóidh siad a chur spéis i spreagthaigh chéadfacha thrí theagmháil súl/gluaiseachtaí coirp/gothaí gnúiseleanfaidh siad spreagthach spéisiúil lena súile;léireoidh siad go bhfuil siad ag cailleadh spéise i spreagthaigh céadfacha;freagróidh siad do ghuthanna a bhfuil siad cleachta leo amhail tuismitheoirí/múinteoirí á seinm ar ghléas taifeadta;freagróidh siad d’íomhánna/gearrthóga físe/grianghraif dhigiteacha ar ghléas digiteach trí theagmháil súl/gluaiseachtaí coirp/gothaí gnúise;
<ul style="list-style-type: none">teagmháil a dhéanamh le réimse de mheáin dhigiteacha agus taithí a fháil orthu lena dtuairimí a nochtadh; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">taithí a fháil ar ghnáthfhuaimeanna laethúla a thaifeadtar i dtimpeallacht an tseomra ranga /na scoile amhail piaraí/daoine fásta ag caint, clog na scoile, amhráin agus rímeanna srl.;ar thaispeántas/físeán/cur i láthair de ghrianghraif ranga;cluinfidh siad fuaimeanna/amhráin a bhaineann le clár ama laethúil agus le tionscadail ranga;	<ul style="list-style-type: none">freagairt anois is arís do réimse teoranta de mheáin dhigiteacha lena gcur féin in iúl; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">anois is arís amharcfaidh siad agus freagróidh siad do ghrianghraif éagsúla den fhoireann/de na daltaí/ den rang ar taispeáint ar an chlár bhán idirghníomhach;léireoidh siad go bhfuil tabhairt faoi deara iontu trí amharc ar theicneolaíocht dhigiteach nó lámh a shíneadh ina treo;léireoidh siad spéis i ngléas cumarsáide breisitheach, amhail leabhar nótaí taifeadta, trí theagmháil súl, gothaí gnúise, comharthaí agus gluaiseachtaí coirp;
<ul style="list-style-type: none">teagmháil a dhéanamh le gléasanna digiteacha cumarsáide agus taithí a fháil orthu; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">beidh siad in ann éisteacht le teachtaireachtaí taifeadta á seinm ar réimse de ghléasanna;beidh teagmháil acu le clár ama ranga pictiúrtha/fuaime ar chlár bán idirghníomhach;	<ul style="list-style-type: none">freagairt anois is arís do ghléasanna digiteacha cumarsáide a bhfuil siad cleachta leo agus freagairt leo; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">freagróidh siad, trí ghothaí gnúise/trí chomharthaí/trí ghluaiseachtaí coirp/trína nguthú féin, do ghuthanna a bhfuil siad cleachta leo a taifeadadh ar leabhar nótaí taifeadta nó d’fhíseáin a taifeadadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht tadhaill;léireoidh siad freagairt nuair a fheiceann siad iad féin ar scáileán, ar cheamara gréasáin, ar FaceTime, ar cheamara digiteach, ar ghléas móibíleach;
<ul style="list-style-type: none">taithí a fháil ar roghanna trí mheáin dhigiteacha; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">taithí a fháil ar bhogearraí idirghníomhacha/aipeanna lena gcaithfear roghanna a dhéanamh.	<ul style="list-style-type: none">freagairt anois is arís do roghanna trí mheáin dhigiteacha; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">freagróidh said do roghanna atá acu ar chláir bogearraí idirghníomhacha agus ar aipeanna móibíleacha trí theagmháil súl/gothaí gnúise/gluaiseachtaí coirp/guthú;
<ul style="list-style-type: none">taithí a fháil ar mhodhanna digiteacha a úsáidtear le gníomhaíochtaí oibre/ranga a chur i láthair; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">teagmháil a fháil ar scáileán tadhaill idirghníomhach ina dtaispeántar grianghraif dá bpiaraí;taithí a fháil ar dhaoine ag glacadh grianghraif díobh nó ar fhuaimeanna/íomhánna gluaisteacha a thaifeadtar le gléas digiteach.	<ul style="list-style-type: none">freagairt anois is arís do mhodhanna digiteacha a úsáidtear le gníomhaíochtaí oibre/ranga a léiriú; <p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">freagróidh siad dá ngrianghraf féin ar thaispeántas balla trí mhéar a shíniú/comharthaí/theagmháil súl/gothaí gnúise/gluaiseacht choirp;freagairt d’íomhánna socra agus gluaisteacha, a bhfuil siad cleachta leo, ar shuíomh gréasáin na scoile/ar scáileán plasmach/ar an idirlíon/ar chlár bán trí mhéar a shíniú/comharthaí/theagmháil súl/gothaí gnúise/gluaiseachtaí coirp;freagairt d’fhuaimeanna a taifeadadh óna dtimpeallacht áitiúil.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid TFC

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna in Úsáid TFC a fhorbairt.

Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht agus ar iompar inghlactha ar líne a fhorbairt.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Fiosrú

- faisnéis ó fhoinsí sábháilte iontaofa a rochtain, a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighde;
- idirghníomhú le huirliisí digiteacha le fiosrú agus le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.

-
-
-
-
-

Cur in iúl

- smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu; agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú.

-
-
-
-
-

Malartú

- cumarsáid a dhéanamh go sábháilte agus go freagrach agus réimse de mhodhanna agus d’uirliisí digiteacha comhaimseartha in úsáid acu agus iad ag malartú, ag roinnt ag comhoibriú agus ag forbairt smaointe go digiteach.

Luacháil

- labhairt faoina gcuid oibre, í a athbhreithniú agus a fheabhsú, agus iad ag machnamh ar an phróiseas agus ar an toradh, agus ag smaoineamh ar na foinsí agus ar na háiseanna a úsáideadh, sábháilteacht, iontaofacht agus inghlacthacht san áireamh.

Taispeáint

- a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú agus a chur i láthair agus a gcuid foghlama trasna an churaclaim a thaispeáint, agus TFC á húsáid go sábháilte agus go freagrach.

Scileanna Réamhriachtanacha in Úsáid TFC trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir. Is féidir le cumarsáid a bheith briathartha nó neamhbhriathartha.

S5 Daingniú (tosú ar thuiscint a fhorbairt)	Leibhéal 1
I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcásanna agus i gcomhthéacsanna coitianta, is é a dhéanfaidh daltaí:	Tig le daltaí:
<ul style="list-style-type: none">eolas a aithint ó fhoinse áirithe dhigiteach; réimse níos leithne de ghléasanna áirithe digiteacha a fhiosrú;	<ul style="list-style-type: none">faisnéis ó fhoinse áirithe dhigiteach a aimsiú agus a roghnú; gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach a fhiosrú agus idirghníomhú leis/léi;
<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">cuirfidh siad réimse de threalamh céadfach ar obair/as le lasc; úsáidfidh siad liathróid mhór rollóra le cúrsóir a bhogadh thart ar mhonatóir le teacht ar íocón/pictiúr/siombail/focal roghnaithe; déanfaidh siad scéal idirghníomhach ar líne/leabhar taifeadta a úsáid agus a fhiosrú go gníomhach amhail na leathanaigh a chasadh nó fuaim agus beochan a chur ar obair; brúfaidh siad na cnaipí ar Bee-Bot le gluaiseacht a fhiosrú;	<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">orduithe simplí a úsáid le gléas a fhiosrú agus idirghníomhú a dhéanamh leis, mar shampla rian ceoil réamhthaifeadta a sheinnim ar CD; uirliisí a úsáid ar chlár bhán idirghníomhach le pictiúir a mheatseáil;
<ul style="list-style-type: none">meáin dhigiteacha a úsáid mar is cuí lena dtuairimí a chur in iúl do lucht spéise atá ag fás;	<ul style="list-style-type: none">smaointe a chur in iúl trí phictiúir a chruthú agus trí théacs a chumadh nó trína nguthú féin a chur leo;
<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">úsáidfidh siad cluichí oideachasúla le roghanna cuí a dhéanamh le cás grafach a chruthú amhail éadaí a chur ar fhíor/aghaidh a chruthú; úsáidfidh siad gléas taifeadta le teachtaireacht a chur in iúl do lucht spéise atá ag fás, mar shampla tionól; úsáidfidh siad gléasanna cumarsáide go héifeacht, lena riachtanas a chur in iúl; déanfaidh siad guthaíocht a thaifeadadh ag imeacht de chuid na scoile ag úsáid gléas taifeadta agus a athsheinm; úsáidfidh siad méarchlár coincheap le litreacha/focail a dhéanamh de réir a gcumais litearthachta;	<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">pictiúr a tharraingt ag baint úsáid as uirlisí réamhshocraithe amhail peann luaidhe nó scuab phéinte; a nguth a thaifeadadh lenar tharraing said a mhíniú; le cuidiú ón mhúinteoir, fuaimeanna óna dtimpeallacht nó agallaimh shimplí a thaifeadadh; stór focal simplí a úsáid le frása nó le habairt shimplí a chruthú; grianghraif a ghlacadh le ceamara digiteach;
<ul style="list-style-type: none">gléasanna cumarsáid dhigiteach a úsáid le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena bpiaraí agus le daoine fásta;	<ul style="list-style-type: none">fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh;
<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">úsáidfidh siad clár cumarsáide breisitheach le teachtaireacht a mhalartú le piara; úsáidfidh siad ceamara gréasáin agus/nó gléas éisteachta, atá feistithe ag duine fásta, le cumarsáid a dhéanamh le daoine a bhfuil siad cleachta leo ag úsáid cláir teachtaireachtaí meandracha; taifeadfaidh siad teachtaireacht ghairid shimplí ar ghléas taifeadta lena hathsheinm do lucht spéise atá ag fás amhail C2k Media Library/Fronter; úsáidfidh said gléas digiteach ilrogha le páirt a ghlacadh i bplé i ngrúpa beag;	<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">a thuiscint gur féidir le daoine úsáid a bhaint as an idirlíon, as gutháin phóca agus as cláir bhána idirghníomhacha le cumarsáid a dhéanamh;
<ul style="list-style-type: none">cur lena dtuiscint ar fhéinfheabhsú le linn tascanna digiteacha;	<ul style="list-style-type: none">labhairt faoina gcuid oibre;
<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">úsáidfidh siad glantóir ar bhogearraí péinte/ar chlár bán idirghníomhach le feabhas a chur ar obair; aithneoidh siad agus úsáidfidh siad an t-íocón cealaithe nó an cnaipe siar ar theicneolaíochtaí éagsúla amhail idirlíon, próiseáil focal; athsheinnfidh siad cluichí digiteacha idirghníomhacha leis an scór acu a ardú; léireoidh siad smacht ar an chúrsóir ilfheidhmeanna, amhail roth scrollóra ar luchóg, le cuidiú le pictiúir a roghnú ó bhaisc íoslódáilte nó le teicneolaíocht tadhail a úsáid le fliceáil trí ghrianghraif agus le zúmáil isteach agus amach as an ghrianghraf roghnaithe;	<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">labhairt leis an mhúinteoir faoi fhéinphortráid a chruthaigh siad ag úsáid TFC;
<ul style="list-style-type: none">réimse d’fhormáidí digiteacha a aithint, formáidí is féidir a úsáid le hobair a chur i láthair;	<ul style="list-style-type: none">a gcuid oibre a phriontáil;
<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">roghnóidh siad grianghraif/fuaimeanna éisteachta/comhaid mheáin/sleamhnáin trasdula; oibreoidh siad eochairchlár coincheap ar scáileán le buneolas amhail ainm/litreacha/focail a chlósscríobh; cuirfidh siad obair i láthair, a clósscríobhadh, do dhuine fásta a bhfuil siad cleachta leis.	<p>Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none">a gcuid pictiúr féin a phriontáil; cáipéis téacs a phriontáil.